Tá sé ullamh/réidh anois. *It's ready now.*
Tabhair don leanbh é, le do thoil.
*Give it to the baby, please.*

Faigh an scuab. *Get the brush.*
Scuab an t-urlár. *Brush the floor.*

# An leanbh *The baby*

An babaí/babaín/leanbh *The baby*
An cliabhán/pram/cairrín *The cradle/pram/go-car*

Tabhair aire don leanbh. *Take care of the baby.*
Coinnigh súil ar an leanbh. *Keep an eye on the baby.*
Bog an cliabhán. *Rock the cradle.*
Labhair leis an leanbh. *Talk to the baby.*
Buail do bhosa don leanbh. *Clap your hands for the baby.*
Abair amhrán beag/amhráinín don leanbh. *Sing a little song for the baby.*
Bí ag súgradh leis an leanbh. *Play with the baby.*
Tabhair an buidéal don leanbh. *Give the bottle to the baby.*
An bhfuil an leanbh *Is the baby*
- ceart go leor? *all right*
- tirim? *dry?*
- fliuch? *wet?*

Féach naipcín/faicín/clúidín an linbh. *Try the baby's nappy.*
Conas atá clúidín an linbh? *How is the baby's nappy?*
An bhfuil an clúidín ceart go leor? *Is the nappy alright?*
An bhfuil an leanbh *Is the baby*
- ag gol/caoineadh? *crying?*
- ina
  - chodladh? *asleep?*
  - dhúiseacht? *awake?* Tá/Níl.
- múscailte *awake?*

Cuir an leanbh a chodladh. *Put the baby to sleep.*

Bí ciúin. *Be quiet.*
Ná bí ag caint. *Don't be talking.*
Nach n-éisteofá. *Why wouldn't you be quiet.*
Ná bí ag déanamh gleo/calláin. *Don't be making noise.*
Dúiseoidh/Músclóidh tú an leanbh. *You'll wake the child.*

Faigh an *Get the*
- nead *nest*
- seoltán *sling* Gheobhaidh.
- pram *pram*

dom (le do thoil). *for me (please).*

Tá an leanbh ag lámhacán. *The baby is crawling.*
Bí ag caint leis an leanbh. *Talk to the baby.*
Abair "Dia duit" leis an leanbh. *Say "Hello" to the baby.*

Habháín, habháín *Hawaeen, hawaeen*
Habháín mo ghrá *Hawaeen my love*
Habháín mo leanbh *Hawaeen my baby*
Agus codail go lá. *And sleep until day.*

Tá do Dhaid ar an bhfarraige *Your Dad is on the sea*
Ó mhaidin Dé Máirt *Since Tuesday morning*
Is go dtaga sé abhaile *And may he come home*
Arís chugainn slán. *Safely to us again.*

# Sa seomra folctha *In the bathroom*

Téigh/Rachaimid *Go/We'll go*
isteach sa seomra folchta. *into the bathroom.*

Ar mhaith leat dul chuig an leithreas?
*Would you like to go to the toilet?* Ba mhaith.
An bhfuil páipéar leithris agat? *Have you toilet paper?* Tá./Níl.
Téigh chuig an leithreas ar dtús. *Go to the toilet first.*
Sruthlaigh/Rith/Tarraing an t-uisce. *Flush the toilet.*

Bain díot *Take off*
do gheansaí. *your jumper.*
léine. *shirt.*
bhríste. *pants.*
Crap suas do mhuinchillí. *Roll up your sleeves.*

Rith an t-uisce. *Turn on the water.*
Scaoil isteach an t-uisce. *Turn on the water.*
Cuir air/as an t-uisce. *Turn on/off the water.*
Cuir an t-uisce ar siúl. *Turn on the water.*
Stop an t-uisce. *Turn off the water.*
Cas an teaip/sconna. *Turn the tap.*
An bhfuil sé te/fuar? *Is it hot/cold?*
An bhfuil sé róthe? *Is it too hot?*
An bhfuil sé te go leor? *Is it hot enough?*
Faigh *Get* Tá/Níl.
Seo duit *Here is*
Tabhair dom *Give me*
an ghallúnach. *the soap.*
t-éadach. *the cloth.*
seampú. *shampoo.*

Gabh/Téigh *Get*
isteach *in*
san fholcadán. *the bath.*
sa dabhach. *the bath.*
faoin chioth. *under the shower.*

3.1

Nigh/Glan *Wash/Clean*
do lámha *your hands*
| ghruaig *hair*
| aghaidh *face*
| mhuinéal *neck*
(go maith). *well.*
Nigh go maith iad. *Wash them well.*

Féach an sobal. *Look at the suds.*
Glan an sobal. *Rinse off the suds.*
Féach na bolgáin/bolgóidí. *Look at the bubbles.*

Ná bí ag slabáil/méiseáil. *Don't be slopping/messing.*
Amharc/Breathnaigh ar an slabar. *Look at the mess.*
Féach/Glan an slabar. *Look at/clean up the mess.*
(Ná) Lig amach an t-uisce. *(Don't) Let out the water.*
Scaoil amach an t-uisce. *Let out the water.*
Scaoil/Lig leis an uisce. *Let out the water.*
Cuir isteach/Tarraing *Put in/Pull out*
an plug/stopallán. *the plug/stopper.*

Triomaigh/Cuimil/Fáisc do chosa. *Dry/rub your feet.*
Triomaigh go maith iad. *Dry them well.*
An bhfuil siad triomaithe? *Are they dry?*
Cuir ort do chuid slipéar. *Put on your slippers.*



# Sa siopa *In the shop*

Rachaimid *We'll go*
| chuig na siopaí. *to the shops.*
| ag siopadóireacht. *shopping.*
Rachaidh.
Déanfaimid liosta: *We'll make a list*
cáis, subh, iógart ... *cheese, jam, yoghourt ...*
An bhfuil tae uainn? *Do we need tea?* Tá/Níl.
Goidé/Céard/Cad atá uainn? *What do we need?* Im.
Goidé atá de dhíth/dhíobháil orainn? *What do we need?*
An bhfuil go leor caife againn? *Have we enough coffee?*
Tá neart bainne againn. *We have plenty milk.*
An féidir leat cuimhneamh/smaoineamh ar rud ar bith eile?
*Can you think of anything else?*

Gheobhaimid tralaí/trucail. *We'll get a trolley.*
Faigh ciseán dom a stór. *Get a basket for me, love.*

Cé mhéad atá air? *How much is it?*
Cén praghas/luach atá air? *What price is it?*
Cé mhéad a chosnaíonn sé? *How much does it cost?*
Cá bhfuil an praghas? *Where is the price?*
Léigh an praghas dom. *Read the price for me .*
Cé mhéad an punt é? *How much a pound is it?*
Tá sé daor/saor go leor. *It's dear/cheap enough.*

Cá bhfuil an t-arán? *Where is the bread?*
An bhfeiceann tú na glasraí? *Do you see the vegetables?*
An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an caife?
*Do you know where the coffee is?*
Thuas/Thíos/Thall ansin. *Up/Down/Over there.*
In aice leis an doras. *Near the door.*
In aice/Le taobh an dorais. *Next to the door.*
Ar thaobh na láimhe deise/clé. *On the right/left.*
Os do chomhair (amach).
choinne. *(Right) In front of you.*
Ar do chúl. *Behind you.*

Ná bain leis. *Don't touch it.*
Cuir ar ais é. *Put it back.*
Níl airgead go leor agam. *I haven't enough money.*

Fan anseo leis an tralaí/trucail. *Wait here with the trolley.*
Ní bheidh mé i bhfad. *I won't be long.*
Íocfaidh muid/Íocfaimid *We'll pay*
Díolfaidh muid asta anois. *for them now.*
Cuir/Fág ar an gcuntar/chuntar iad.
*Put/Leave them on the counter.*
Im agus bainne agus ... *Butter and milk and ....*

Faigh bosca *Get a box*
mála *a bag*
an tsóinseáil *the change*
dom (le do thoil). *for me (please).*
Cuir/Caith síos sa bhosca/mhála iad.
*Put them into the box/bag.*
An bhfuil aon ní/rud eile uainn?
*Do we need anything else?*

# Sa Ghluaisteán *In the Car*

Rachaimid amach *We'll go out*
sa | ghluaisteán. *in the car.*
| charr.
| mhótar.
Seo duit an eochair. *Here's the key.*
Oscail an doras dom. *Open the door for me.*

Léim isteach. *Jump in.*
Isteach leat. *In you go*
(ar chúl) *(at the back).*

Sin (é/iad) *That's*
| an roth stiúrtha. *the steering wheel.*
| an luasmhéadar. *the speedometer.*
| na cuimilteoirí. *the wipers.*
| an giar. *the gear.*
| an coscán láimhe. *the hand brake.*

Taispeánann sé *It shows*
| an luas *the speed.*
| cé mhéad | peitril *petrol*
| | íle *oil*
atá againn. *we have.*

Suigh isteach. *Sit in.*
Cuir ort an crios. *Put on the belt.*
Oscail an fhuinneog. *Open the window.*

Cuirfimid sa bhúit é. *We'll put it in the boot.*
Druid isteach. *Move in.*
Déan slí do Mháire. *Make room for Máire.*
Ná cuir isteach ar an tiománaí.
*Don't disturb the driver.*

Caithfidh mé cúlú/páirceáil/stop(adh).
*I have to reverse/park/stop.*
Crom síos do cheann. *Bend down your head.*
Níl radharc agam ar an mbóthar/bhóthar.
*I can't see the road.*
Fan(aigí) socair. *Stay quiet.*

37

Féach/Amharc/Breathnaigh ar an/na *Look at the*

- otharcharr *ambulance*
- tionóisc/timpist *accident*
- truc mór *big truck*
- leoraí *lorry*
- ngluaisrothar/ghluaisrothar$_{u}$ *motorbike*
- trácht *traffic*
- tranglam tráchta *traffic jam*
- soilse tráchta *traffic lights*

Tá na soilse (tráchta) dearg/oráiste/glas.
*The lights are red/orange/green.*
Cad is brí leis an gcomhartha/chomhartha$_{u}$ sin?
*What does that sign mean?*

- Stop *Stop*
- Géill (Slí) *Yield*
- Cas ar dheis *Turn right*
- Crosaire *A crossroads*
- Bealach trasnaithe *A pedestrian crossing*
- Cosc ar pháirceáil *No parking*

## Tá Leoraí Mór ag Teacht

Tá leoraí mór ag teacht,
Tá leoraí mór ag teacht,
Fág an bealach, coinnigh isteach,
Tá leoraí mór ag teacht,

## There's a Big Lorry Coming

*There's a big lorry coming,*
*There's a big lorry coming,*
*Get out of the way, keep in,*
*There's a big lorry coming,*

# Sa Ghairdín *In the Garden*

Rachaimid *We'll go*
- amach *out*
- ag
  - siúl *walking*
  - obair *working*

sa ghairdin. *in the garden.*

Féach/Amharc/Breathnaigh ar na
*Look at the*
- bláthanna *flowers*
- crainn *trees*
- sceacha *bushes*
- duilleoga *leaves*
- baclóga *buds*
- deilgne *thorns*
- húlla *apples*
- prátaí *potatoes*
- fiailí *weeds*

Glanfaimid an paiste seo.
*We'll weed this patch.*
Gearrfaimid an féar.
*We'll cut the grass.*

Faigh an ráca dom.
*Get the rake for me.*
- píce *pike*
- sluasaid *shovel*
- spáid *spade*
- lián *trowel*
- lomaire *lawnmower*
- píobán (uisce) *hose*
- buicéad *bucket.*
- Tortha(í) *Fruit*
- Úll(a) *Apple(s)*
- Piorra(í) *Pear(s)*
- Pluma(í) *Plum(s)*
- Silín(í) *Cherry(ies)*

Bláth(anna) *Flower(s)*
Rós(anna) *Rose(s)*
Nóinín(í) *Daisy(ies)*
Lus(anna) an Chroimchinn *Daffodil(s)*

Ainmhithe Beaga *Little Creatures*
Gráinneog *Hedgehog*
Luch(óg) *Mouse*
Seilide *Snail*
Piast *Worm*
Beach *Bee*
Cuileog *Fly*
Feithide *Insect*
Damhán Alla *Spider*
Bóín Dé *Ladybird*

Éan *A bird*
Éinín *A little bird*
Nead *Nest*
Spideog *Robin*
Dreoilín *Wren*
Préachán *Crow*
Snag Breac *Magpie*
Faoileán *Seagull*
Colúr/Colmán *Pigeon*



## Bóín Dé

A Bhóín Bheag Dé
A Bhóín Bheag Dé
Oscail do sciatháin
Is bí ag eitilt san aer

## *Ladybird*

*Little Ladybird*
*Little Ladybird*
*Open your wings*
*And fly in the air*

## Duilleoga Beaga Glasa

Duilleoga beaga glasa
A haon, a dó, a trí
Ag fás ar ghas beag tanaí
Amuigh sa ghairdín

## *Little Green Leaves*

*Little green leaves*
*One, two, three*
*Growing on a little thin stem*
*Out in the garden*

## Smidín

Smidín beag, an seilide,
Ag snámh go righin is go mall
Suas an balla
Suas an balla
Anuas arís ar ball!

## *Smideen*

*Little Smideen, the snail*
*Gliding steady and slow*
*Up the wall*
*Up the wall,*
*Down again in a while!*

## Suí Sá

Suas síos, suas arís
Mise agus tusa agus mise arís
Suas síos suas arís
Mise agus tusa agus mise arís

Anuas, aníos,
Suas arís,
Coinnigh do ghreim
Nó titfidh tú síos

Anonn, anall
Thiar is thall,
Mise ar barr
Is tusa ar lár

## *See Saw*

*Up down, up again*
*Me and you and me again*
*Up down, up again*
*Me and you and me again*

*Down, up*
*Up again,*
*Keep your grip*
*Or you'll fall down*

*Over, back*
*Away and beyond*
*Me on top*
*And you on the ground.*

# Timpeall an tí
## *Around the house*

Sin é an (tele)fón. *There's the (tele)phone.*
Tá an fón ag bualadh. *The phone is ringing.*
Freagair an fón, le do thoil *Answer the phone, please.*
Cé atá ann? *Who's that?* Áine.
Cé atá agam? *Who am I speaking to.* Tomás anseo.
Cé atá ag caint? *Who's speaking?* Áine atá ag caint.
An sin Tomás. *Is that Tomás.* Sea/Is mé.
An tú Máire? *Is that you Máire?* Is mé/Mé féin.
Sin tusa a Nóra an ea? *That's yourself Nóra is it?* Cé eile?
An é sin tusa a Sheáin? *Is that you Seán?* Is mé.
Síle | atá uait, *It's Síle you're looking for,*
| atá tú a iarraidh,
an ea? *is it?* Sea.
Fan nóiméad. *Wait a minute.* Maith go leor.
Gheobhaidh mé é/í *I'll get him/her.*
Tá sé/í ag teacht. *S/he's coming.*
Tá Eoin ar an bhfón. *Eoin is on the phone.*

Tá duine (éigin) ag an doras. *There's somebody at the door.*

Clois/Éist leis an m(h)adra. *Listen to the dog.*
Tá an madra *The dog is*
ag tafann/amhastrach/sceamhaíl. *barking.*
Éist leis an gcat/chat. *Listen to the cat.*
Tá an cat *The cat is*
| ag meamhlach. *miaowing.*
| ag crónán. *purring.*

Téigh/Gabh
| isteach sa chistin. *into the kitchen.* Rachaidh.
| suas an staighre. *up the stairs.*
Faigh *Get*
| buidéal an linbh. *the baby's bottle.*
| spúnóg. *a spoon.*



An teilifís(eán). *The television (set).*
Tá sé ró-ard. *It's too loud.*
Ísligh í. *Turn it down.*
Ísligh rud beag í. *Turn it down a little bit.*
Ísligh beagáinín í. *Turn it down a little bit.*
Ísligh | an fhuaim.
| ar an bhfuaim. *Turn down the sound.*
Tá sí rógheal. *It's too bright.*
Cas/Brúigh an cnaipe. *Turn/press the button.*
Fan siar ón scáileán. *Stay back from the screen.*
Suigh siar ón scáileán. *Sit back from the screen.*
Cén clár é sin? *What programme is that?*
Cad é an chéad chlár eile? *What's the next programme?*
Cén bealach/stáisiún é sin? *What channel/station is that?*
Múch é. *Turn it off.*
Cuir as é. *Turn it off.*
Is leor sin. *That's enough.*

# Am codlata *Bedtime*

Tá sé in am luí. *It's bedtime.*
Tá sé in am codlata. *It's bedtime.*
Tá sé ag éirí deireanach/déanach. *It's getting late.*
An bhfuil tuirse ort? *Are you tired*
An bhfuil codladh ort? *Are you sleepy?*
Tá sé in am dul a chodladh. *It's time to go to bed.*

Bain díot. *Take off your clothes.*
Bain díot *Take off*
do | gheansaí. *your sweater.*
| ghúna. *dress.*
| bhróga. *shoes.*
Cuir ort *Put on*
do | ghúna oíche. *nightdress.*
| phitseámaí. *pyjamas.*
| chuid slipéar. *slippers.*

Faigh an scuab fiacal. *Get the tooth-brush.* Gheobhaidh.
Cuir taos fiacal ar an scuab. *Put toothpaste on the brush.*
Seo leat, suas is anuas. *Off you go, up and down.*

Tabhair póg do mhamaí/dhaidí.
*Give Mammy/Daddy a kiss.*
Oíche mhaith. *Good night.* Oíche mhaith.
Codladh sámh. *Sleep tight.*

Imigh suas anois. *Go up now.*
Suas an staighre leat. *Up the stairs with you.*
Beidh mé chugat gan mhoill. *I'll be with you in a minute.*

Isteach leat sa leaba/bhunc. *In you get to the bed/bunk.*
Suas an dréimre leat. *Off you go up the ladder.*
Cúnlaigh isteach *Snuggle in*
(faoin bpluid/chuilt). *(under the blanket/quilt).*
Réitigh/Socraigh *Fix*
an | bhraillín. *the sheet*
| pilliúr/adhairt/babhstar. *pillow.*

Dúnfaidh/Druidfidh mé na cuirtíní. *I'll close the curtains.*
Tarraingeoidh mé na cuirtíní. *I'll draw the curtains.*
Múchfaidh mé
Cuirfidh mé as an solas. *I'll put out the light.*

Beidh
| mé *I*
| Daidí/Mamaí *Daddy/Mammy*
| an feidhlí leanbh *the babysitter*
thíos. *will be below.*

Oíche mhaith. *Good night.*
Codladh sámh. *Sleep tight.* Oíche mhaith.

## Ó Mo Ghrá Mo Leanbh

Ó mo ghrá, mo ghrá mo leanbh,
Ó mo ghrá is mo mhaoin é,
Ó mo ghrá, mo ghrá mo leanbh,
Bhuaigh sé ar Phól ag rince.

Bhuaigh sé thuaidh i nGaillimh air,
Bhuaigh sé ar an gCill air,
Bhuaigh sé sa Ghleann Garbh air,
Is bhuaigh sé sa Neidín air.

## *O My Love My Baby*

*O my love, my love my baby,*
*O my love and my treasure,*
*O my love, my love my baby,*
*He beat Paul at dancing.*

*He beat him above in Galway,*
*He beat him in Keel,*
*He beat him in Glengarrif,*
*And he beat him in Kenmare.*

# Cúrsaí leighis
## *Medical matters*

Goidé
Céard *What's*
Cad atá ort? *wrong with you?*
Cad atá cearr leat? *What's wrong with you?*
An bhfuil rud éigin *Is there something*
  ort? *wrong with you?*
  cearr leat?
An bhfuil tú tinn/breoite? *Are you sick?*
An bhfuil pian ort? *Have you a pain?*

Taispeáin dom *Show me*
  cá bhfuil an phian. *where the pain is.*
An bhfuil pian *Have you a pain*
i do cheann *in your head?*
  fhiacail *tooth?*
  chluas *ear?*
(agat)?

Tá slaghdán ort. *You have a cold.*
Cuir/Caith amach *Vomit*
  do chuid bia. *your food.*
  más féidir leat. *if you can.*
Braithfidh/Mothóidh tú níos fearr. *You'll feel better.*
An créatúr. *Poor thing.*
Noel bocht/Deirdre bhocht. *Poor Noel/Déirdre.*

Dia leat/linn! *Bless you/us!*
Lig tú sraoth. *You sneezed.*
Rinne tú srólfach. *You sneezed.*
Tá tú te. *You have a temperature.*
Tá do shrón múchta/tachta. *You have a stuffy nose.*
Tá tú ag casachtach. *You're coughing.*
Cá bhfuil na piollaí? *Where are the pills?*
Caith/Ól an deoch leighis/cógas. *Take the medicine.*
Déanfaidh sé maith duit. *It will do you good.*

Tá tú *You're*
- ag bisiú. *getting better.*
- ag feabhsú *improving*
- ag teacht chugat féin arís. *coming back to yourself again.*

Tá feabhas/biseach ag teacht ort. *You're improving.*
Tá sé ag cneasú. *It's healing.*
Tá sé cneasaithe. *It's healed.*
Tá scrabha/gearb ag teacht air. *There's a scab coming on it.*
Tá goirín ort. *You have a pimple.*

An ólfaidh tú braon/deoir cócó/bainne?
*Will you drink a drop of cocoa/milk?*
An bhfuil biseach/feabhas ort? *Are you any better?*
An bhfuil tú go maith? *Are you well?* Tá/Níl.

Rachaimid *We'll go*
- go dtí an dochtúir. *to the doctor.*
- chuig an bhfiachlóir/fhiaclóir. *to the dentist.*

# Timpistí *Accidents*

A chréatúir. *You creature.*
An créatúr bocht. *The poor creature.*
Buachaill bocht. *Poor little boy.*
Cailín bocht. *Poor little girl.*
Jimmy bocht/Nóra bhocht. *Poor Jimmy/Nóra*
Éirigh suas i do sheasamh. *Stand up.*

Ní faic é. *It's nothing.*
Is cuma faoi. *It doesn't matter.*
Ní baol duit. *You'll be alright.*
Níl cearr ort. *There's nothing wrong with you.*
Níl a dhath ort. *You're ok.*
Tiocfaidh tú as. *You'll survive.*
Ní fiú bheith ag caint faoi. *It's not worth talking about.*
Tabharfaidh mé póg dó *I'll give it a kiss*
Cad/Goidé/Céard
- a tharla? *happened?*
- a thit amach? *happened?*
- a bhain duit? *happened to you?*
- a tháinig ort? *happened to you?*

Ar thit tú? *Did you fall?*
An amhlaidh/An é an chaoi *Is it how*
gur thit tú? *you fell?*
An titim a rinne tú? *Is it how you fell?*
Tá do mhéar gearrtha agat. *You've cut your finger.*
Tá do ghlúin gortaithe agat. *You've hurt your knee.*

Suigh anseo. *Sit down here.*
Ná bí ag gol/caoineadh. *Don't be crying.*
Ní fada a mhairfidh/sheasaigh an phian.
*The pain won't last long.*
Beidh tú go breá i gceann tamaill.
*You'll be fine in a little while.*

Amharc
Breathnaigh ar
Féach an fhuil. *Look at the blood.*
Chomh geal le sneachta. *As white as snow.*
Chomh dearg le fuil. *As red as blood.*
Tá do mhéar/ghlúin/shrón *Your finger/knee/nose*
ag cur fola. *is bleeding.*
Tá tú ag cur fola *You're bleeding*
ó do shrón. *from the nose.*

Glanfaimid an chneá. *We'll clean the cut.*
Stopfaidh an t-uisce fuar an fhuil.
*The cold water will stop the blood.*
Triomóidh muid an chneá anois. *We'll dry the cut now.*
Cuirfimid *We'll put*
unga *ointment*
plástar *a plaster*
bindealán *a bandage*
air/ar an gcneá/chneá. *on it/the cut.*

An bhfuil sé sin compordach? *Is that comfortable?*
An bhfuil sé sin níos fearr? *Is that better?*
An bhfuil an phian ann i gcónaí? *Is the pain still there?*

Bíodh sos anois agat. *Take a rest now.*
Suigh anseo agus lig do scíth. *Sit here and take it easy.*
An ólfá braon líomanáide/bainne?
*Would you drink a drop of lemonade/milk?*

# Ócáidí ar leith
## *Special occasions*

Cén séasúr atá ann? *What season is it?*
An tEarrach, An Samhradh *Spring, Summer*
An Fómhar, An Geimhreadh *Autumn, Winter*

Cén lá inniu? *What day is it?*
Cén lá é inniu? *What day is it?*
Cén lá atá inniu ann? *What day is it today?*
Máirt (na h)Inide. *Shrove Tuesday.*
Seo duit pancóg. *Here's a pancake for you.*
Cuir siúcra/sú/mil air. *Put sugar/syrup/honey on it.*

Lá (Fhéi)le Pádraig *St. Patrick's Day*
Seamróg/An tseamróg *Shamrock/The shamrock*
Cruit *A Harp*
Ribíní *Ribbons*
Suaitheantas *A badge*
Paráid *A parade*

An Cháisc *Easter*
Ubh Chásca *An Easter Egg*
Sicíní *Chickens*
Coiníní *Rabbits*
Seacláid *Chocolate*

Oíche Shamhna *Halloween*
Cailleach/Masc/Aghaidh fidil *A witch/mask*
Seo duit úll(a)/cnó(nna)
*Here is/are (an) apple(s)/(a) nut(s) for you*

An Nollaig *Christmas*
Oíche Nollag *Christmas Eve*

48

Sin é *That's*
- Íosagán *baby Jesus*
- An Leanbh Íosa *baby Jesus*
- Muire *Mary*
- Seosamh *Joseph*
- na trí ríthe *the three kings*
- an mainséar *the manger*
- an bhó *the cow*
- an t-asal *the donkey*

Nach deas *Isn't it a nice*
- an crann é? *tree?*
- an choinneal í? *candle?*

Nach bhfuil an réalt go hálainn. *Isn't the star beautiful?*
Cé hé sin? *Who's that?*
Sin é Daidí na Nollag. *That's Santa Claus.*
Tá sioc/sneachta/leac oighir ann. *There's frost/snow/ice.*
Fainic!/Coimhéad!/Seachain! *Watch out!*
Tá sé sleamhain. *It's slippery.*

Breithlá sonasach duit! *Happy Birthday!*
Cén aois tú? *What age are you?* Dhá bhliain.
Cén aois atá agat? *What age are you?* Trí bliana.
Cén t-aos thú? *What age are you?*
Cé mhéad coinneal ar an gcíste/chíste_? *How many candles on the cake?*
Cuir as/Múch na coinnle. *Blow out the candles.*
Séid! *Blow!*

## Íosa Mo Chomrádaí

Mainséar beag, baibín ina luí
Sin É Íosa mo chomrádaí
Mainséar beag, baibín ina luí
Sin É Íosa mo chomrádaí

Leo-leo-ín, leo-leo-ín
Páistín Rí ina luí sa tuí
Leo-leo-ín, leo-leo-ín
Páistín Rí ina luí sa tuí

## *Jesus My Companion*

*A little manger, a baby lying down*
*That is Jesus my companion*
*A little manger, a baby lying down*
*That is Jesus my companion*

*Leo-leo-ín, leo-leo-ín*
*A Child-King lying in the straw*
*Leo-leo-ín, leo-leo-ín*
*A Child-King lying in the straw*

50

# Cluichí Boird
## *Board Games*

An cupán *The cup*
An dísle *The dice*
An spíce/spuaic *The spike*
Liathróid *A ball*
Liathróidín *A little ball*

Na dathanna *The colours*
Dearg/Bándearg/Buí *Red/Pink/Yellow*
Gorm/Corcra *Blue/Purple*
Glas/Uaithne *Green*
Dubh/Bán *Black/White*

Cé a thosós? *Who'll start?* Mise/Tusa.
Cé a thosóidh? *Who'll start?* Mise/Tusa.
Leatsa an tosú *It's you to start.*
Cé leis an tosú? *Who starts?* Liomsa/Leatsa/Le Liam.
Cuir an dísle sa chupán. *Put the dice in the cup.*
Craith an dísle. *Shake the dice.*

Caith amach é. *Throw it out.*
Scaoil amach é. *Let it out.*
Cén dath é? *Which colour is it?* Dath dearg.
Cad atá agat? *What have you?*
Cad a fuair tú? *What did you get?*
Cén dath atá agat? *What colour have you?*

Faigh an liathróid bhuí anois. *Get a yellow ball now.*
Cuir liathróid ar an spíce. *Put the ball on the spike.*
Cuir liathróid gorm ar an spíce. *Put a blue ball on the spike.*

Áirigh/Cuntais/Comhairigh *Count*
na liathróidí. *the balls.*
Cé mhéad liathróid (atá) agat anois?
*How many balls have you now?*
Abair na dathanna *Say the names of the colours*
Ainmnigh na dathanna. *Name the colours.*

Do | shealsa.
thurnsa
bheartsa. *Your turn.*

(Is) Leatsa an imirt. *(It's) Your turn.*

Is é do thurn é a Shiobhán/a Bharra.
*It's your turn Siobhán/Barra.*

Tabhair an cupán do Chlíodna.
*Give the cup to Clíodna.*

Tabhair an dísle do Dhaithí. *Give the dice to Daithí.*

Leatsa an cupán anois a Bharra.
*It's your turn now for the cup Barra.*

Leatsa an caitheamh anois a Shiobhán.
*It's your throw now Siobhán.*

Cé a bhuaigh? *Who won?* Jimí.
An tusa a bhuaigh, a Bhríd? *Did you win, Bríd?* Ní mé.
Is cuma. *No matter.*
Cén dochar. *What harm.*
Beidh lá eile agat. *You'll have another chance.*



# Folaigh is Aimsigh
## *Hide and seek*

Imreoimid Folaigh is Aimsigh. *We'll play Hide and Seek.*
Déanfaimid folachán. *We'll hide something.*
Cad a chuirfimid i bhfolach? *What will we hide?*
Cuirfimid *We'll put*
| spúnóg *a spoon*
| leabhar *a book*
| peann *a pen*
i bhfolach. *in hide.* Maith go leor.

Déan tusa an folach. *You do the hiding.*
Déan tusa an cuardach. *You do the seeking.*
Cuir thusa/Cuirse an eochair i bhfolach.
*You put the key in hide.*
Cé a dhéanfaidh an folach? *Who will do the hiding?*
Cé a dhéanfaidh an cuardach? *Who will do the seeking?*

Íne Míne Maigne Mó *Eeney Meemey Miney Mow*
Tá na ba istigh sa chró *The cattle are in the cowhouse*
Má tá siad ag géimneach *If they're lowing*
Scaoiligí leo *Let them go*
Íne Míne Maighne Mó. *Eeney Meeney Miney Mow.*

Isteach leat sa chúinne. *Off you go into the corner.*
Dún/Druid do shúile. *Close your eyes.*
Clúdaigh do shúile. *Cover your eyes.*
Ná bí *Don't be*
ag | amharc.$_{u}$
| breathnú.$_{c}$
| féachaint.$_{m}$ *looking.*
Amach leat, lasmuigh den doras.
*Out you go, outside the door.*
Comhairigh go dtí 20. *Count to 20.*
Go mall. *Slowly.*

Ceart go leor. *All right.*
Tá mé ullamh/réidh. *I'm ready.*
Tá sé i bhfolach agam. *I have it hidden.*
Faigh anois é *Find it now*
(más féidir leat). *(if you can).*
Cuardaigh anois. *Search now.*
Bí ag cuardach anois. *Start searching now.*

Tabhair nod/leid dom. *Give me a hint.*
Tá tú te/fuar. *You're hot/cold.*
Tá tú ag éirí níos teo/fuaire. *You're getting hotter/colder.*

Maith thú. *Well done*
Tá sé agat. *You have it.* Tá.
Fuair tú é. *You got it.* Fuair.
D'aimsigh tú é. *You found it.* D'aimsigh.
Mise/Tusa anois. *My/your turn.*
Mo/Do shealsa. *My/your turn.*
Mo/Do thurnsa. *My/your turn.*
Cuir thusa/Cuirse *You*
i bhfolach anois é. *hide it now.*
Seo leat. *Off you go.*
Anois thú.$_{u}$ *Off you go.*

# Míreanna Mearaí *Jigsaw*

Imreoimid *We'll play*
Rachaimid ag imirt *We'll go playing*
| míreanna mearaí. *jigsaw.* Rachaidh!
| dúradáin. *dominoes.* Maith go leor!
Gheobhaimid *We'll get* Tá go maith!
na míreanna mearaí *the jigsaw.*
Cá bhfuil an bosca/boiscín. *Where is the box?*
Faigh an bosca, le do thoil. *Get the box, please.*
Suigh isteach. *Sit in.*
Cuir/Leag amach na píosaí. *Lay out the pieces.*
Iompaigh/Tiontaigh na píosaí. *Turn up the pieces.*
Tá sé bun os cionn. *It's upside down.*
Cas timpeall/thart é. *Turn it around.*
Píosa cúinne/coirnéil. *A corner piece.*

Sin é. *That's it.*
Tá sé agat. *You have it.*
An bhfuil sé i gceart? *Is it right?* Tá./Níl.
An dóigh leat go bhfuil sé i gceart?
*Do you think that's right?* Is dóigh liom go bhfuil.
An bhfuil píosa in easnamh?
*Is there a piece missing?*
An bhfuil píosa caillte?
*Is there a piece lost?*
An bhfuil píosa ar iarraidh? Tá./Níl.
*Is there a piece missing?*

Sin deireadh. *That's the end.*
Taispeáin dom. *Show me.*
Tá sé déanta agat anois. *You have it all.*
Nach breá an pictiúr é?
*Isn't it a fine picture?* Is breá.
Tá pictiur breá agat anois.
*You have a fine picture now.* Tá.

Brisfimid suas arís é.
*We'll break it up again.* Brisfidh.
Cuirfimid isteach sa bhosca arís é.
*We'll put it into the box again.* Cuirfidh.



5.1

# Dúradáin *Dominoes*

Breathnaigh *Watch*
Amharc *Look*
Féach *Look*
(ar sin)! *(at that)!*
Inis dom *Tell me*
Goidé *What*
Céard *What*
Cad é seo? *What's this?*
Frog/stoca/giotár é seo, an ea?
*A frog/stocking/guitar, is it?*
Céard iad seo? *What are these?*
Cén sórt rudaí iad seo? *What sort of things are these?*
Géanna/úlla iad seo, an ea?
*These are geese/apples, is that right?* Sea/Ní hea.
Céard/Goidé/Cad atá sa phictiur? *What's in the picture?*
Inis dom, céard atá sa phictiúr?
*Tell me, what's in the picture?*

Téann seo leis sin. *This goes with that.* Téann./Ní théann.
Téann sin leis seo. *That goes with this.*
An dtéann sé seo leis sin? *Does this go with this?*
Cuir le chéile iad. *Put them together.* Cuirfidh/fad.
Gabhann siad seo le chéile. *These go together.* Gabhann.
Cá bhfuil an chuid eile? *Where is the other part?* Seo é
Cá bhfuil an leath eile? *Where is the other half?* Anseo



# Pictiúir Aibítre
## *Alphabet Pictures*

### aA
adharc
aghaidh
aingeal
asal

### bB
bábóg
bád
banana
banríon
beach
beirt
bláth
bosca
bróg
buicéad
buidéal
bus

### cC
caisleán
camán
canna
caora
capall
casúr
cat
cearc
ceathrar
ceirnín
ceol
ciseán
cleite
clog
cnaipe



cnámh
coinín
cóta
crann
crogall
croí
cruit
crois
cúigear
cuileann
cupán



### dD
damhán alla
deasc
dréimre
doras
duilleog

### eE
eala
éan
easpag
eilifint
eitleán

### fF
fáinleog
faoileán
fearr grinn
féileacán
frog
forc

### gG
gadaí
garda
an ghealach
gé



geansaí
geata
giotár
gluaisrothar
gúna
an ghrian
gunna

## hH

hata

## iI

iasc
iománaí

## lL

laca
lámh
lampa
lasán
leaba
leabhar
leon
liathróid
leoraí
litir
long
luch

## mM

mála
madra
méar
milseán
muc
muga

## nN

nathair



nead

## oO

ór
ordóg
otharcharr

## pP

paiste
péacóg
peann
peil
péist
píce
pictiúr
piorra
píopa
pláta
portán
pram
préachán

## rR

ráca
réalta
rí
roth
rothar
rugbaí

## sS

sacar
sáspan
scamall
scian
seinnteoir
sciathán
séipéal
sicín
simléar

siosúr
sliabh
slaod
sliotar
sliogán
sluasad
snáthaid
solas
sparán
staighre
spúnóg
stampa
stoca
súil
stól
suíochán

## tT

taephota
taibhse
tairne
tarracóir
teiliffseán
telefón
teomhéadar
tine
tintreach
toitín
traein
triúr

## uU

ubh
úll

## vV

veain

ISBN 0 946452 05 9